Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16527/23**

**AGRI 809**
**AGRIFIN 157**
**FIN 1270**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15945/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: 'Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta'<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

Tuarascáil speisialta Uimh. 19/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *'Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta',*

a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3995ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 10-11 Nollaig 2023.

---

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Conclúidí ón gComhairle</u>**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

'***Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: Caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta***'

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2023 ón gCúirt dar teideal *'Iarrachtaí an Aontais le haghaidh ithir a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: Caighdeáin neamh-uaillmhianacha agus spriocdhíriú teoranta*', ina ndéantar measúnú ar cibé acu a bhain nó nár bhain an Coimisiún agus na Ballstáit úsáid éifeachtach as bearta CBT 2014-2022 chun ithreacha talmhaíochta agus aoileach a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus i dtaobh an raibh na gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú aoiligh a rinneadh i gcur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití éifeachtach;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt chuig an gCoimisiún maidir le hathbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal uaillmhéine na gcaighdeán agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí a gcur chun feidhme, tuairisciú ar spriocdhíriú bhearta deonacha CBT ar na fadhbanna áitiúla ithreach is práinní, teorainn a chur le húsáid maoluithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí eile nach bhfuil ag teacht le chéile i réimsí beartais eile agus feabhas a chur ar shonraí comhdhlúite ar leibhéal an Aontais, moltaí a nglacann an Coimisiún leo;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil caomhnú ithreach ag dul i dtábhacht i dtréimhse nua CBT 2023-2027, go háirithe trí choinníollacht fheabhsaithe, éiciscéimeanna nua faoin gcéad cholún agus bearta deonacha faoin dara colún;

4. AONTAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an Treoir maidir le Níotráití a chur chun feidhme go hiomlán agus a cuspóir a bhaint amach i dtíortha uile an Aontais, lena n-áirítear sna Ballstáit ar deonaíodh maoluithe cuí-réasúnaithe dóibh de bharr a sainiúlachtaí;

5. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú tábhachtach na Treorach maidir le Níotráití chun caillteanais cothaitheach ón talmhaíocht a laghdú agus, sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE Sprioc an Chomhaontaithe Ghlais maidir le caillteanas cothaitheach a laghdú 50 % faoi 2030;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sna sonraí agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí arna mbailiú agus/nó arna dtairiscint go deonach ag na Ballstáit don tréimhse 2020-2023 agus go dtí go mbeidh bailiú sonraí maidir le comharduithe cothaitheach comhlán éigeantach in 2026.

---